



OPW

Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

BRÚ NA BÓINNE

Pacáiste Oideachais

Stair na hEalaíne don Ardteistiméireacht

Is áis le haghaidh múinteoirí agus daltaí é seo ina dtugtar léirmhíniú ar thuamaí pasáiste agus ealaín mheigiliteach den Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne

Tá an chéad chuid den doiciméad seo le húsáid ag múinteoirí. Tá Brú na Bóinne leagtha amach ann mar thórdhreach seandálaíochta den scoth a ligeann d'iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe den siollabas stair na healaíne ar bhonn praiticiúil agus inrochtana.

Tá an dara cuid den doiciméad le húsáid ag daltaí le linn agus i ndiaidh dóibh cuairt a thabhairt ar Bhrú na Bóinne.

Priontáil ar an dá thaobh den leathanach. Moltar an doiciméad a phriontáil monacrómach (dubh agus bán) ionas go mbeidh na híomhánna chomh soiléir agus is féidir.



United Nations
Educational, Scientific and
Cultural Organization


Eagraíocht
Oideachais, Eolaíochta
agus Chultúir
na Náisiún Aontaithe



Brú na Bóinne –
Archaeological Ensemble
of the Bend of the Boyne

Brú na Bóinne –
Cnuasach Seandálaíochta
Lúb na Bóinne

Is é Brú na Bóinne an tírdhreach seandálaíochta is saibhre in Éirinn. Lonnaithe i gCo. na Mí, ocht gciliméadar isteach ó chósta Dhroichead Átha, áirítear ann limistéar ina bhfuil lúb dhrámatúil sa Bhóinn. Tá breis agus 150 séadchomhartha sainaitheanta ag seandálaithe laistigh den lúb seo san abhainn, ach níl siad sin go léir le feiceáil sa lá atá inniu ann. Is tuamaí pasáiste iad na séadchomharthaí is feiceálaí anois agus is féidir thart ar 40 díobh a fheiceáil fós. Is iad Cnóbha, Sí an Bhrú agus Dubhadh na cinn is mó díobh seo agus is iad na tuamaí pasáiste is mó san Eoraip iad.



Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO

Baineann tábhacht don saol mór leis na Láithreáin Oidhreachta Domhanda agus is le gach aon duine ar domhan iad, beag beann ar náisiúntacht. Meastar go mbaineann ardluach uilíoch leo don chine daonna ar fad agus is de réir a mbuanna a ainmnítear iad ina samplaí is fearr is féidir den oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha. Mar aitheantas ar a thábhacht idirnáisiúnta, chuir Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO) Brú na Bóinne ar an liosta de Láithreáin Oidhreachta Domhanda in 1993. Tá cuid de na láithreáin chultúrtha agus nádúrtha is aitheanta agus is tábhachtaí ar fud an domhain (amhail an Taj Mahal agus Uluru) ar an liosta seo freisin. Tá na tuamaí pasáiste, na séadchomharthaí gaolmhara agus Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne faoi chúram Rialtas na hÉireann.

Staidéar agus Taighde

Tá Brú na Bóinne ina ábhar iontais agus spéise do chuairoteoirí leis na céadta bliain anuas. Ba mhinic a úsáideadh miotais agus seanchas chun na tuamaí pasáiste a thuiscint agus a mhíniú. San 18ú agus sa 19ú hAois, bhí na séadchomharthaí ina n-ábhar spéise do scoláirí staire (ársaitheoirí), agus níos déanaí fós, rinneadh iniúchtaí seandálaíochta córasacha agus eolaíochta orthu. Is as na hiniúchtaí sin a tháinig cuid mhór den eolas atá againn anois maidir leis na séadchomharthaí i mBrú na Bóinne. In 1962, chuir an tOllamh Michael J. O'Kelly agus an tOllamh George Eogan tús le tochtaltáin i Sí an Bhrú agus i gCnóbha faoi seach. Mhair na hiniúchtaí i Sí an Bhrú trí bliana déag agus mhair na hiniúchtaí i gCnóbha nach mór 40 bliain ar fad. Tá staidéar agus taighde fós ar siúl i mBrú na Bóinne agus cuireann an dul chun cinn teicneolaíochta go mór le heolaíocht na seandálaíochta agus leis an tuiscint atá againn ar chúrsaí báis agus beatha i mBrú na Bóinne sna seanlaethanta.



SAOL NA nDAOINE I mBRÚ NA BÓINNE SA TRÉIMHSE NEOILITEACH

Tháinig na háitritheoirí ba luatha chun na hÉireann thart ar 8000 RCh. Ba fhiagaithe cnuasaitheoirí iad a raibh nós maireachtála fánaíochta acu. Ba nós leo dul ag fiach le haghaidh fiadhúlra (amhail an fia rua agus an torc allta), agus bia a bhí ag fás go nádúrtha (amhail cnónna agus caora) a bhailiú. Tugtar an tréimhse Mhéisiliteach ar an tréimhse seo a mhair ó 8000 RCh go dtí 4500 RCh.

Faoi 4000 RCh, bhí daoine eile tar éis teacht go hÉirinn agus teicnící feirmeoireachta a thabhairt leo. Tháinig athrú mór ar nós maireachtála na ndaoine dá bharr sin.

Seo tús na tréimhse Neoilití, a mhair ó 4000 RCh go dtí 2500 RCh, tuairim is.

Feirmeoireacht


Nuair a tháinig na chéad fheirmeoirí, bhí an chuid is mó den tír faoi fhoraoisí dlútha. Ar mhaithe le feirmeoireacht a thosú, bhí ar na daoine Neoiliteacha crainn a leagan in áiteanna. Ina dhiaidh sin, baineadh leas as céachtaí chun an talamh a shaothrú agus barra a chur. Rinneadh barra amhail cruithneacht agus eorna a shaothrú (lena n-úsáid chun leite agus arán a dhéanamh), agus forbraíodh modhanna ceansaithe beostoc (amhail ba, muca agus caoirigh) freisin. Leanadh ar aghaidh lena gcúrsaí fiaigh, iascaireachta agus sealgaireachta, agus chuir na cleachtais sin le táirgí na feirmeoireachta.

An Abhainn

Bhí an abhainn ina hacmhainn riachtanach don tsochaí feirmeoireachta nua seo a bhí ag teacht chun cinn. Bhí an Bhóinn ina mótarbhealach Neoiliteach nach mór, toisc gur bhain na daoine leas aisti ar chúiseanna iompair agus cumarsáide. Ba fhoinsé úrúisce í freisin a d'úsáidtí le haghaidh cúrsaí glantóireachta agus mar uisce óil, agus gan aon dabht ar bith, chuireadh na daoine faille seo fáilte Uí Cheallaigh roimh imirce shéasúrach an bhradáin mar bhia bhreise an-bhlasta. I dtimpeallacht iontach Ghleann na Bóinne, bhí sé ar chumas na luatháitritheoirí seo an saibhreas, na scileanna agus an lucht saothair iomchuí a chothú chun a séadchomharthaí iontacha a thógáil.

Na Séasúir

Mar fheirmeoirí agus sealgairí, bhí na daoine Neoiliteacha an-spleách ar na séasúir agus bhí dlúthcheangal acu leis an talamh.




AN BÁS I mBRÚ NA BÓINNE SA TRÉIMHSE NEOILITEACH

De réir mar a bhí rath ag teacht ar an tsochaí Neoiliteach agus freastal á dhéanamh acu ar a riachtanais tí, thosaigh na daoine ag díriú ar a riachtanais spioradálta. Is léir gur chreid na daoine Neoiliteacha sa saol eile. Thosaigh siad ar thuamaí clocha a thógáil chun taisí a marbh a chur isteach iontu. I dtosach, go luath sa tréimhse Neoiliteach, tógadh tuamaí ursanacha réasúnta simplí ar a dtugtar dolmainí. De réir mar a athraíodh a gcreidimh agus a gcleachtais reiligiúnacha, forbraíodh agus tógadh tuamaí éagsúla amhail tuamaí cúirte agus tuamaí pasáiste.

Tuamaí Pasáiste

Glaoitear tuamaí pasáiste ar na tuamaí seo toisc go bhfuil pasáiste cúng iontu a théann isteach chuig seomra beag inar cuireadh taisí na marbh. Cuireadh carn (dumha ciorclach de chlocha beaga) ansin mórthimpeall ar an bpasáiste agus ar an seomra. Ansin, cuireadh leaca móra (ar a dtugtar clocha cholbha) ag bun an chairn chun é a dhúnadh. Tá thart ar 40 tuama pasáiste i mBrú na Bóinne. Is iad Cnóbha, Sí an Bhrú agus Dubhadh na tuamaí pasáiste is mó atá ann.

Níor tógadh na tuamaí pasáiste seo go léir ag an am céanna, áfach – is léir go raibh 4 chéim ar leith i gceist lena dtógáil, idir 3400 RCh go dtí 2800 RCh, tuairim is.




AN BÁS I mBRÚ NA BÓINNE SA TRÉIMHSE NEOILITEACH

Na Tuamaí Pasáiste a thógáil

Caitheadh an-dua agus an-chuid ama leis an obair a phleanáil, na hábhair a bhailiú agus na séadchomharthaí a thógáil. Is ríshoiléir sin ó na hachair fhada a d'fhreastail na tógálaithe chun na cineálacha áirithe clocha a fháil. Ba é gréabhaca a úsáideadh go príomha chun tuamaí i mBrú na Bóinne a thógáil. Baineadh an cineál cloiche sin i gceantar Cheann Chlochair, taobh ó thuaidh de Dhroichead Átha agus aistríodh é ón áit sin ar an bhfarraige agus ar an abhainn. Rolladh ar lomáin ansin é ó ché ar an mBóinn go dtí an láithreán tógála.

Tá grianchloch bhán ar aghaidh Shí an Bhrú agus timpeall ar na bealaí isteach chuig Cnóbha. Is léir gur baineadh an ghrianchloch bhán sin ó dheas i Sléibhte Chill Mhantáin. Bailíodh clocha eibhir ó chósta thuaidh Chuan Dhún Dealgan. I bhfianaise na n-achar fada chuig na háiteanna sin, is dócha go raibh sé ní ba phraiticiúla na clocha a iompar ar muir seachas ar tír. Is clocha rollta ón abhainn formhór de na clocha sa charn. Fuarthas ar imill agus ar léibhinn na Bóinne iad, thart ar 1km ó dheas den séadchomhartha. Meastar gur úsáideadh thart ar 200,000 tona ábhar chun na cairn is mó a thógáil.

Ní féidir linn a bheith cinnte sa lá atá inniu ann faoi mhodhanna tógála an chultúir Neoilitigh seo. Tá roinnt teoiricí éagsúla curtha chun cinn ag seandálaithe. Is dóichí gur úsáideadh rolladh lomán, agus gur tógadh scafalra adhmaid agus rampaí cré i rith an phróisis.




© itsabouttime.ie


AN BÁS I mBRÚ NA BÓINNE SA TRÉIMHSE NEOILITEACH

Is iad na trí dhumha mhóra Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh na tuamaí pasáiste is mó san Eoraip.


Sí an Bhrú




Cnóbha




Dubhadh




Plean an dumha i Sí an Bhrú




Plean an dumha i gCnóbha



Plean an dumha i nDubhadh






Tógadh an dumha mór i Sí an Bhrú thart ar 3200 RCh. Cumhdaíonn an carn limistéar atá beagán níos lú ná leath-heictéar. Tá an carn thart ar 11m ar airde agus thart ar 80m ar thrastomhas ar an meán. Tá 97 cloch cholbha mórthimpeall ar an gcarn agus tá struchtúr an phasáiste agus an tseomra déanta as 450 cloch mhór eile cosúil leo sin. Ar aghaidh an tséadchomhartha chun tosaigh (cuid den séadchomhartha a rinneadh a athchóiriú leis na clocha bunaidh a fuarthas ar an láithreán le linn na dtochtán), tá an balla déanta as grianchloch bhán, agus bolláin eibhir rollta ón bhfarraige curtha isteach tríthi anseo is ansiúd. Tá aghaidh an phasáiste soir ó dheas agus tá an pasáiste féin 19m ar fad. Tá liaga seasta (ortastait) ar dhá thaobh an phasáiste, 21 ceann díobh ar an taobh deas agus 22 ceann díobh ar an taobh clé. Tá cruth croise ar an seomra agus tá 3 chuasán nó seomraí taoibh le fáil ann. Is é an cuasán ar dheis (thoir) an cuasán is mó agus is ornáidí, agus tá 2 mhiasliag le fáil ann. Tá boghta coirbéalta ar an seomra mar dhíon atá thart ar 6m os cionn leibhéal na talún.




Trasghearradh den Tuama sa Mhórdhumha i Sí an Bhrú

Boghtaí Coirbéalta


Tá díon bogtach coirbéalta ar an seomra i Sí an Bhrú, ar an seomra thoir i gCnóbha agus ar an seomra thuaidh i nDubhadh.




Cuirtear leaca móra i gciorcail. Cuirtear ciorcail eile de leaca níos lú os cionn na leaca eile.



Éiríonn na ciorcail níos lú agus níos lú de réir mar a ardaíonn an struchtúr go dtí go bhfuil an bhearna atá fágtha ag an mbarr beag go leor chun cloch amháin (ar a dtugtar leac mhullaigh) a chur air.



Is éard atá sa choimpléasc i gCnóbha ná dumha mór amháin agus 18 ndumha níos lú mórthimpeall air. Tugtar Láithreán 1 ar an dumha mór. Tá dhá thuama pasáiste ar leith ann. Ceann amháin díobh seo, tá a aghaidh soir agus tá aghaidh an chinn eile siar, a bheag nó a mhór. Níl na pasáistí ceangailte le chéile; tá thart ar 5m eatarthu. Cumhdaíonn an dumha breis agus leath-heictéar agus tá sé 95m ar leithead ag an bpointe is leithne. Timpeall ar na bealaí isteach chuig na tuamaí, tá clocha neamhghnácha le feiceáil (amhail grianchlocha, clocha eibhir agus clocha bandáilte). Tá na tuamaí níos lú ar mhéideanna éagsúla agus tá cuid díobh níos sine ná an tuama mór.



Trasghearradh den Tuama Thoir sa Mhórdhumha i gCnóbha

An Tuama Thoir i gCnóbha

Sa tuama thoir i gCnóbha, tá pasáiste fada a théann isteach go seomra ina bhfuil trí chuasán taoibh agus díon coirceoige coirbéalta. Meastar go raibh fad an phasáiste agus an tseomra le chéile ní b'fhaide ná 40m i dtosach. Tá leac mhullaigh dhíon an tseomra thart ar 6m os cionn an urláir. I ngach ceann de na trí chuasán, bhí báisín cloiche nó cloch mhúnlaite ina raibh iarsmaí na marbh.

An Tuama Thiar i gCnóbha

Meastar go raibh an tuama thiar sa bhreis ar 34m ar fad i dtosach. Thart ar thrí cheathrú den tslí isteach sa tuama, casann an pasáiste cúng ar dheis. Díreach i ndiaidh an chasaidh, tá cloch thairsí agus ina dhiaidh sin cúngaíonn an pasáiste go leithead 40cm. Leathnaíonn an pasáiste arís go dtí go n-osclaíonn sé amach i seomra dronuilleogach atá thart ar 2m ar airde agus cloch fhada 2m air mar dhíon. Meastar gur istigh sa seomra seo i dtosach a bhí an mhiasliag atá amuigh sa phasáiste anois.

Miasliaga


Tá miasliaga i seomra gach ceann de na mórthuamaí pasáiste i mBrú na Bóinne. Is clocha snoite cruthaithe iad seo agus i gcásanna áirithe, bhí siad maisithe le healaín mheigiliteach. Cuireadh na miasliaga i gcuasáin na seomraí. Cuireadh taisí na marbh ar na miasliaga. De ghnáth, chréamtaí na mairbh agus is léir go ndéantaí é sin áit éigin eile seachas sna tuamaí pasáiste féin. Is léir, áfach, nach ndéantaí cuid de na coirp a chreimeadh.

Le linn na dtogháltán i Sí an Bhrú, fuarthas taisí cúigear duine agus fuarthas taisí breis agus 200 duine i gCnóbha. Fuarthas go leor rudaí nó déantán measctha leis na taisí sin, mar shampla, liathróidí cloiche snasaithe, siogairlíní cloiche agus siogairlíní cnámha, agus bioráin binne. Sa tuama thoir i gCnóbha, fuarthas ceann mása a bhí snoite go gleoite.



Miasliaga Maisithe ón Seomra Thoir i gCnóbha

Is é Dubhadh an tuama is lú cáil de na trí thuama i mBrú na Bóinne. Cé go bhfuil sé chomh mór le Sí an Bhrú agus Cnóbha, ní dhearnadh tochtaltán ar bith ann le déanaí. Díreach cosúil leis na tuamaí eile, tógadh Dubhadh breis agus 5,000 bliain ó shin. Tá an dumha thart ar 85m ar thrastomhas agus meastar go bhfuil 115 cloch colbha ann, cé nach bhfuil ach leath díobh le feiceáil. Ag an bpointe is airde, tá sé os cionn 15m ar airde ach is dócha go raibh sé ní b'isle ná sin i dtosach; meastar gur cuireadh ábhar tochtailte ar an dumha. In 1847, rinneadh an-chuid tochtailte ar an dumha chun a fháil amach an raibh seomra láir ann. Ina dhiaidh sin, rinneadh roinnt cairéalaithe ar an dumha. Díreach cosúil le Cnóbha, tá dhá sheomra sa dumha i nDubhadh agus tá an dá cheann díobh ar an taobh céanna, laistigh de 25m óna chéile. Tá na pasáistí i bhfad níos giorra ná na pasáistí i Sí an Bhrú agus i gCnóbha ach tá na seomraí ar aon mhéid, agus istigh iontu tá cuid de na clocha is mó atá le fáil in aon cheann de na séadchomharthaí.



Líníocht Atógála:
Na tuamaí i nDubhadh a thógáil

An Tuama Thuaidh i nDubhadh

Tá pasáiste an tuama 8.2m ar fad faoi láthair agus tá sé roinnte ag trí chloch thairsí. Téann an pasáiste isteach go seomra atá i gcruth croise agus ina bhfuil trí chuasán taoibh. Tá díon íseal coirbéalta 3m ann. Tá miasliag mhór (1.4m x 1m) ar an urlár i lár an tseomra. Tá na ceithre chloch ollmhóra a leagann amach an seomra thart ar 3m ar airde. In aice leis an gcuasán ar dheis, tá gné thar a bheith neamhghnách. Tugtar an for-ráth uirthi agus tá dhá sheomra eile le fáil inti.

An Tuama Thuaidh i nDubhadh


Is tuama beag é seo i gcomparáid leis an tuama thuaidh i nDubhadh. Téann pasáiste gearr 3.3m ar fad isteach i seomra atá ciorclach, a bheag nó a mhór, agus ina bhfuil seomra amháin le fáil. Tá díon nua-aimseartha coincreíte ar an bpríomhsheomra anois: seans gur díon coirbéalta a bhí air i dtosach. Tá an cuasán ar dheis roinnte ón bpríomhsheomra ag cloch thairsí.



AN GHRIAN I mBRÚ NA BÓINNE

Mar phobal feirmeoireachta, bhí sé de nós ag na daoine Neoiliteacha súil a choinneáil ar ghluaiseacht na gréine sa spéir. Dhéanadís stua na gréine ag bun na spéire a mhapáil ó éirí na gréine go dtí luí na gréine ó cheann ceann na bliana. Nuair a bhí stua na gréine ag an bpointe ní b'fhaide agus ní b'airde, an samhradh a bhí ann; tráth flúirse nuair a bhí na laethanta fada agus na hoícheanta gearr. Ach nuair a bhí stua na gréine ó éirí na gréine go dtí luí na gréine íseal agus gearr, an geimhreadh a bhí ann; an tréimhse ba dheacra den bhliain nuair a bhí na hoícheanta ní b'fhaide ná na laethanta. Is dócha go raibh an bhaint idir an ghrian agus cé chomh torthúil a bhí an talamh ríshoiléir dóibh, i bhfianaise a mbreathnóireachta.


Tá 4 phointe casaidh i bhféilire na gréine - grianstad an tsamhraidh & grianstad an gheimhridh; cónacht an earraigh & cónacht an fhómhair.



Bhí na tarlúintí áirithe sin i bhféilire na gréine chomh tábhachtach sin do na daoine Neoiliteacha gur thóg siad cuid dá séadchomharthaí chun ailíniú a dhéanamh le príomhphointí aistear na gréine trasna na spéire.


Ní haon ionadh é go bhfuarthas go raibh a leithéid i gceist sna tuamaí pasáiste i nGleann na Bóinne. Ba láithreáin ilfheidhmeacha iad na tuamaí pasáiste; níor baineadh leas astu ar chúiseanna adhlactha amháin ach ar chúiseanna deasghnátha, ceiliúrtha agus adhartha freisin. Gan aon dabht, reáchtáiltí roinnt ócáidí sóisialta agus searmanais reiligiúnacha sna séadchomharthaí seo.

Níl aon easpa tuairimíochta ann ó thaobh na gcúiseanna a bhí ailíniú gréine i gcuid de na tuamaí pasáiste. Ar bhain suntasacht phraiticiúil nó suntasacht níos spioradálta leis an ailíniú gréine sin? Tá go leor daoine den tuairim go raibh an ghrian ina dia ag na daoine seo agus díreach mar a dhéanann an ghrian an talamh a athbheochan agus beatha nua a thabhairt ar an saol i rith an earraigh, b'fhéidir gur chreid siad go raibh an ghrian chun anam a sinsir a athbheochan sa tuama. Seans nach mbeidh a fhios againn go deo faoi fheidhm chruinn na séadchomharthaí seo ach is féidir linn a rá gan aon dabht ar bith go raibh muintir na sochaí Neoilití seo ina dtógálaithe agus réalteolaithe sciliúla. Is féidir linn a rá freisin ao raibh ardmheas acu ar a marbh agus gur chreid siad sa saol eile.



Si an Bhrú

Tá an pasáiste agus an seomra istigh ailínithe i dtreo an oirdheiscirt, agus a n-aghaidh ar an ngrian acu agus í ag éirí thart ar aimsir ghrianstad an gheimhridh. Tá bearna bheag cosúil le fuinneog os cionn an dorais; tugtar an bosca dín ar an mbearna seo. Ligeann an bosca dín grian lár an gheimhridh isteach sa seomra adhlactha láir chun é a shoilsiú ar bhealach drámatúil. Féadfaidh an soilsiú seo leanúint ar aghaidh ar feadh tréimhse chomh fada le 17 nóiméad, ag brath ar chúinsí aimsire. Níl an feiniméan seo teoranta d'aon lá amháin, áfach; féadfaidh sé tarlú maidin ar bith idir an 18 Nollaig agus an 23 Nollaig.



Dubhadh

Tá an pasáiste agus an seomra theas istigh ailínithe i dtreo an iardheiscirt, agus a n-aghaidh ar an ngrian acu agus í ag dul faoi thart ar aimsir ghrianstad an gheimhridh. Níl aon bhosca dín i nDubhadh, áfach. Lonraíonn an ghrian isteach trí bhealach isteach an phasáiste. Agus an pasáiste sin saghas gearr, níl an t-ailíniú chomh cruinn agus atá sé i Sí an Bhrú agus féadfaidh solas na gréine teacht isteach ann lá ar bith sna seachtainí ar an dá thaobh de ghrianstad an gheimhridh. Féadfaidh soilsiú an tseomra sin leanúint ar aghaidh ar feadh uair an chloig, ag brath ar chúinsí aimsire.

EALAÍN MHEIGILITEACH I mBRÚ NA BÓINNE

Tá an ealaín mheigiliteach i mBrú na Bóinne ar scála nach bhfeictear in áit ar bith eile ar domhan.

Tá os cionn 380 liag maisithe a bhfuil eolas orthu i gCnóbha amháin. Tá 116 sa Shí an Bhrú agus 38 i nDubadh.

Tugtar ealaín mheigiliteach ar an ealaín atá ar liaga struchtúrtha na bpasáistí tuama. Is as an Ghréigis a thagann an focal meigiliteach. Ciallaíonn *Mega* mór agus caillaíonn *Lithos* cloch.

Chun an ealaín a chruthú, baineadh úsáid as uirlisí cloiche, as piocóidí nó as siséil a bhí déanta as breochloch nó as grianchloch.

Is éard atá san ealaín mheigilteach ón tréimhse Neoiliteach ná sraith de mhóitífeanna geoiméadracha agus teibí. Déantar iad a phiocadh nó a ghreanadh ar dhromchla na liag. Áirítear i measc na móitífeanna ciorcail, bíseanna, fiarláin, muileataí agus cruthanna ar nós nathair, uaireanta iad i dteannta a chéile.

Go minic bíonn ceangal idir an ealaín atá i mBrú na Bóinne agus cruth agus dromchla gach léige, agus leis an suíomh atá aici laistigh den séadchomhartha.

Uaireanta thángthas ar shnoiteáin ar dhromchla léige a bhí anois i bhfolach, rud a chruthaíonn go ndearnadh an obair ealaíne sular bogadh na liaga sin in áit.

Uaireanta bhaintí úsáid as na liaga arís, agus dhéantaí an ealaín a bhí ann cheana féin a ionchorprú isteach sna dearaí nua, nó a chlúdú leis an ealaín nua.

Is léir ón ealaín i mBrú na Bóinne go raibh mórán ealaíontóirí ag obair ann agus go raibh leibhéil éagsúla cumais agus taithí acu.




Chun cáiliú mar Láithreán Oidhreachta Domhanda, ní mór roinnt critéir a chomhlíonadh. Is é ceann amháin de na critéir ná:

‘go mbeidh sé ina shárshaothar ar léiriú é de shárbhua cruthaitheach an duine’

Sna séadchomharthaí atá againn i mBrú na Bóinne, tá an léiriú is mó agus is tábhachtaí ar an ealaín réamhstairiúil plaisteach san Eoraip.

Ealaín Iniompartha

Ní ealaín mheigiliteach í an ealaín go léir a rinneadh san Aois Neoiliteach, áfach. Baineann roinnt de leis an gcatagóir Ealaín Iniompartha, a fheictear ar déantúsáin ar nós seodra, potaireacht agus cinn mháise. Ní fios cad í an fheidhm a bhí ag an ornáid, mar amhlaidh go raibh feidhm i gceist ar chor ar bith. Cibé an tábhacht a bhain leo, níl aon amhras ann ná go raibh an-chuid ábaltachta, ama agus fuinnimh ag teastáil chun na sníodóireacht agus na píosaí ealaíne seo a chruthú, go háirithe nuair a chuimhnímid nach raibh ach uirlisí cloiche acu ag an am sin.



Cnaipí cloiche a fuarthas i nDubadh



Ábhar cloiche maisithe a fuarthas sa Seomra Thiar i gCnóbha



Ceann máise maisithe a fuarthas sa Seomra Thiar i gCnóbha

EALAÍN MHEIGILITEACH I mBRÚ NA BÓINNE

Teicnící

Baineadh úsáid as dhá phríomhtheicníc chun an ealaín a dhéanamh;


Gearradh: Tharraing na healaíontóirí uirlis bhiorach ar dhromchla na cloiche chun dearaí a sciobhadh nó a eitseáil amach.

Piocadh : Ba í seo an teicníc is mó a bhí in úsáid ag na healaíontóirí. D'úsáideadar bior gear, b'fhéidir as breochloch nó as grianchloch. Rugadar greim air mar a bhéarfá ar shiséil chun dearaí a bhualadh amach as dromchla na cloiche.

Stíleanna


D'aithin an Dr. Muiris O'Súilleabháin dhá stíl:

Stíl Chaighdeánach: Is dócha gur stíl níos luaithe í seo inar gearradh an mhóitíf go héadtrom ar dhromchla na cloiche. Is gnách go n-eagraítear na móitífeanna aonair go randamach ach uaireanta feictear go n-eagraítear go néata iad. D'fhéadfadh sé nár bhac na healaíontóirí mórán le héifeacht fhísiúil na siombailí mar go minic tá sé deacair iad a dhéanamh amach, nó i gcásanna eile, cuireadh is bhfolach iad faoi chuid eile den struchtúr go luath tar éis iad a shnoí.



Íomhá ar chúl K13 sa Shí an Bhrú © C.O'Kelly

Stíl Phlaisteach: D'fhéadfadh sé gur forbairt ar an stíl chaighdeánach atá i gceist leis seo. D'oibrigh na healaíontóirí le himlínte nádúrtha dromchla na cloiche chun éifeacht shnoite a chruthú. Clúdaítear dromchla na cloiche le móitífeanna. Cuireann an stíl seo le galántacht fhísiúil na healaíne agus cuireann sé go mór le héifeacht ailtireachta na séadchomharthaí. Suiteáltar na liaga atá maisithe leis an stíl phlaisteach i suíomhanna tábhachtacha laistigh den struchtúr agus ní chuirtear i bhfolach riamh iad. Go minic, rinne an stíl phlaisteach neamhaird den stíl chaighdeánach. Shnoigh na healaíontóirí móitífeanna nua anuas ar na móitífeanna caighdeánacha nó chlúdaigh siad ar fad iad.



Taobh tosaigh K1, Cloch Iontrála sa Shí an Bhrú © C.O'Kelly

EALAÍN MHEIGILITEACH I mBRÚ NA BÓINNE

Móitífeanna

D'aithin Claire O'Kelly 10 catagóir de mhóitífeanna a d'úsáid na healaíontóirí Neoiliteacha i nGleann na Bóinne:


Tá 5 cinn de na catagóirí Cuarlíneach



Ciorcal



Bís



Stua nó Corrán

© G. Egan



Natharthna



Ponc l gCiorcal


Tá 5 cinn de na catagóirí Dronlíneach



Fiarlán nó Rachtán



Muileata




Seift Círe

© C. O'Kelly



Radúil



Línte Comhthreomhara

© G. Egan

EALAÍN MHEIGILITEACH I mBRÚ NA BÓINNE

Tá an ealaín mheigiliteach ar cheann de na gnéithe is rúndiamhaire agus is mó a phléitear in ionad Brú na Bóinne. Chuir na siombailí teibí seo smaointe na ndaoine Neoiliteacha in iúl, i gcód nach bhfuil ar ár gcumas é a thuiscint inniu.

Cad a bhí á chur in iúl ag na daoine Neoiliteacha leis na móitífeanna seo?

An chumarsáid phictiúrtha ársa a bhí i gceist leis na móitífeanna?

Ní fios cad iad na teangacha a bhí á labhairt san Aois Neoiliteach. Tá móitífeanna ar nós bíseanna le fáil ar liaga i dtuama aonair i mBrú na Bóinne. Tá siad le fáil ar thuamaí eile freisin in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile.

An raibh an bhrí chéanna le baint as an mbís sna suíomhanna seo go léir agus ar athraigh an bhrí sin nuair a cuireadh in éineacht le móitífeanna eile í?

An léiriú a bhí sna móitífeanna ar dhaoine (antrapamorfach) nó ar ainmhithe (míolchruthach)?

Tá an claonadh ionainn go léir na rudaí a chuardach a bhfuil taithí againn orthu, agus is rud nádúrtha é iarracht a dhéanamh na híomhánna ar na liaga a shainaithint.

Bhí ar chumas ealaíontóirí na Clochaoise ealaín mhacasamhlach a chruthú mar a fheictear sa phéintéireacht uaimhe i Lascaux atá i bhfad níos sine. Le linn na tréimhse Neoiliteach bhíothas ag druidim i dtreo dearaidh a bhí níos teibí.

Más amhlaidh go raibh ar chumas na n-ealaíontóirí Neoiliteacha cruthanna soiléire i bhfoirm daoine agus ainmhithe a chruthú, cén fáth nach ndearna siad é sin? An raibh athrú ann a raibh mar thoradh air ná go raibh dearcadh nua ag daoine ón Aois Neoiliteach ar an saol agus ar a n-áit ann – b'fhéidir go raibh siad ag díriú anois ar rudaí eile seachas ar an dúlra?

An é go raibh na móitífeanna ag léiriú íomhánna agus ciogail ghréine, ghealaí agus réaltacha?

Mar chultúr feirmeoireachta, is dócha go raibh tionchar na gréine ar an domhan tugtha faoi deara ag daoine. Trí chiogal rialta na gealaí agus na taoidí cósta, bhí siad ábalta an t-am a ríomh. Bhí réalta, plainéid agus Bealach na Bó Finne le feiceáil sa spéir agus is dócha gur chuir daoine an-spéis iontu agus sna himeachtaí a tharla ó am go ham cosúil le coiméid agus éiclipsí.


An é gur taifid a bhí sna móitífeanna de ghluaiseachtaí na ranna neimhe seo agus an tuiscint a bhí ag daoine Neoiliteacha orthu?

Sí an Bhrú L19



© C.O'Kelly

Sí an Bhrú K67




Dhá bhís le chéile (gan nasc eatarthu) ar L19 sa phasáiste agus bís dhúbailte ar K67 (nasctha) – ar tháinig athrú ar an gciall a bhí ag móitíf más amhlaidh go raibh sé nasctha le ceann eile nó má bhí sé leagtha amach in aice le móitífeanna eile?

Ortastait 49 Cnóbha Pasáiste Thiar



Go minic, tugtar Liag 'Chaomhnóra' ar an ortastait seo. An é seo aghaidh diachta atá ag cosaint an tuama Thiar i gCnóbha?

Cnóbha K15



Tugtar 'Clog Gréine' ar an gcloch cholbha seo. An é go dtaispeánann na línte atá ag gathú amach ón bponc an ghrian nó an ghealach ag éirí agus ag dul faoi?



EALAÍN MHEIGILITEACH I mBRÚ NA BÓINNE

An bhfuil na móifífeanna ann mar thoradh ar staid chomhfhiosachta athraithe?

Is léir ó thaigde a rinneadh i dtimpeallachtaí rialaithe, nuair a bhíonn daoine ag dul isteach i staid chomhfhiosachta athraithe, siabhránaíonn siad agus feiceann siad pátrúin gheoiméadracha éagsúla. D'fhéadfadh sé go ndeachaigh seamain isteach sna staid seo trí shiabhraiginí nádúrtha a thógáil, trí dhíth codlata nó solais, nó trí rince fhiáin nó trí dhrumadóireacht aithreáiteach.

An raibh ról ag an seaman sa tsochaí seo ciall a bhaint as na híomhánna seo mar theachtaireachtaí ón saol eile nó ó déithe?

An mar chúnamh don mhachnamh a bhi na móifífeanna?

Aire a dhíriú agus línte agus cruthanna na móitífeanna éagsúla a scrúdú – b'fhéidir gur baineadh úsáid as mar chúnamh machnaimh chun an brú fola a laghdú, an análú a mhoilliú agus an mheitibileacht a laghdú ionas go raibh an duine ullmhaithe go fisiciúil agus go spioralálta agus é nó í ag dul isteach sa saol eile.

Órtastait 48 Cnóbha Seomra Thoir




Sí an Bhrú K1

An de bharr díth chéadfach an ealaíontóra ar cruthaíodh na siombailí?

An raibh cuspóir hiopnóiseach ag an bprátrún seo?

An mbeadh éifeacht shuaimhneasach aige dá bhféachfaí air ar feadh tréimhsí fada?



© C.O'Kelly

Cad atá le rá ag na saineolaithe

I ndeireach na dála, is é an rud is luachmhara ná gur féidir linn breathnú ar na siombailí seo gan míniú a chur le chéile. Is teachtaireachtaí iad ó dhaoine daonna eile, teachtaireachtaí a mhair i bhfad tar éis do ghiuirléidí an ghnáthshaoil, a bhíodh thart timpeall orthu, a bheith slogtha ag an am.

Jean McMan, seandálaí

Leanfaidh na glúinte atá romhainn orthu ag déanamh iontais den siombalachas, ach idir an dá linn, ní hí an cheist is tábhachtaí cad a chiallaíonn sé ann féin ach cad í an bhrí atá aige don duine aonair.

Muiris Ó Súilleabháin, seandálaí

Léirigh suirbhé ar ealaín na Bóinne go raibh a stór agus a stíl féin ag gach tuama, fiú má tá an chuma air go bhfuil na móitífeanna deartha go randamach.

Claire O'Kelly, seandálaí

Ní hionann siombailí agus focail, agus d'fhéadfadh sé gur féidir rudaí a chur in iúl le siombailí nach féidir a dhéanamh le focail.

Jean McMan, seandálaí

Ealaín mheigiliteach ... d'fhéadfadh sé gur fheidhmigh sí mar shiombalachas draíochta-reiligiúnach, ag cosaint na dtuamaí agus an méid a bhí istigh iontu, agus ag feidhmiú mar nasc idir na daoine a bhí freagrach as na séadchomharthaí.

Elizabeth Shee Twohig, seandálaí

Trí ealaín a chur ar na liaga, d'fhéadfadh sé go raibh na daoine a thóg na tuamaí pasáiste ag cur cruth fhísiúil go buan ar chuid dá n-idé-eolaíocht, agus mar sin go raibh siad ag tabhairt ról suntasach di maidir le deasghnátha.

George Eogan, seandálaí



EALAÍN MHEIGILITEACH I mBRÚ NA BÓINNE

As na 97 cloch cholbha sa Shí an Bhrú, is fios go bhfuil ealaín mheigiliteach ar 39 ceann díobh. Is iad cloch colbha 1, 52 agus 67 na clocha is mó a bhfuil maisiú orthu.

**Sí an Bhrú Cloch Cholbha 1:
An Chloch Iontrála**



Sí an Bhrú Cloch Cholbha 52



Sí an Bhrú Cloch Cholbha 67



© An Clár Foinnachtana

Meastar go bhfuil an Chloch Cholbha ar cheann de shárshaothair ealaíne Neoiliteacha na hEorpa. Tá sí lonnaithe ag béal an tuama pasáiste agus tá sí maisithe leis an dtrí-bhís. Ní fhaightear an mhóitíf seo in aon áit seachas sa Shí an Bhrú agus tá sé le feiceáil freisin sa chuasán ar chúl an tuama. Ina theanna sin, ar Chloch Cholbha 1 tá eitre dhomhain a ritheann síos lár na cloiche. Tá sí ailínithe le béal an tuama, leis an bpasáiste agus le bealach an tsolais le linn grianstad an gheimhridh. Tá a fhios againn go ndearnadh an chloch a shnoí san áit ina bhfuil sí fós ina seasamh, i.e. tar éis í a bhogadh san áit ina bhfuil sí anois.

Tá Cloch Cholbha 52 lonnaithe ar an taobh thiar thuaidh den dumha, díreach trasna ón gcloch ag béal an tuama. Cosúil leis an gcloch sin, tá sí maisithe go mion le móitífeanna níos casta fós uirthi, agus tá eitre ag rith síos trí lár na cloiche cosúil leis an gcloch ag béal an tuama. Leis seo, nasctar an dá thaobh den séadchomhartha ar ais an phasáiste agus ar sholas ghrianstad an gheimhridh.

Tá Cloch Cholbha 67 lonnaithe ar an imeall ó thuaidh agus is í an tríú cloch cholbha atá maisithe go mion. Cé go bhfuil an mhóitíf bhíse coitianta san ealaín mheigiliteach, is annamh a fheictear an mhóitíf bhíse dúbailte atá ar an gcloch seo agus is rud speisialta é. Déantar an ealaín a shoilsiú go díreach ag éirí na gréine i lár an tsamhraidh.

Grafaicí, íomhánna, dearáí & léaráidí © OPW – Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne, mura ndeirtear a mhalairt



OPW


Oifig na
nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

BRÚ NA BÓINNE

Fáilte chuig Ionad Cuairteora Bhrú na Bóinne

Tá an bhileog oibre seo deartha do leibhéal Stair na hEalaíne don Ardteistiméireacht. Is féidir na freagraí a fháil i dtaispeántais an Ionaid Chuaireora. Tá gníomhaíochtaí ann freisin ar féidir a chríochnú sa seomra ranga.

Priontáil ar gach taobh le do thoil agus priontáil i monacróm le haghaidh na n-íomhánna is soiléire.



Ainmnigh na 3 thuama pasáiste mór

1 _____ 2 _____ 3 _____

Cén t-ainm atá ar an abhainn?

An Taispeántas: BRÚ NA BÓINNE & GLEANN NA BÓINNE

1. Cad a chiallaíonn Neoiliteach?

2. Conas a d'athraigh soal na ndaoine le linn na hAoise Neoiliteach?

3. Cad a tharla idir 3500 – 3000 BC?

4. Cathain ar tharla Cath na Bóinne?

An Taispeántas: OIÐHREACHT DHOMHANDA



Cad dó a sheasann UNESCO?

An féidir leat Láithreán Oidhreachta Domhanda eile a ainmniú nach bhfuil san Eoraip?

An Taispeántas: OIDHREACHT DHOMHANDA

An féidir leat an dá Láithreán Oidhreachta Domhanda Éireannach seo a ainmniú agus cén contae ina bhfuil siad?

1.



2.



Déan sceitse de cheann de na Láithreán Oidhreachta Domhanda a luaitear sa taispeántas.

An Taispeántas: SEANDÁLAÍOCHT

Tá an réimse seandálaíochta seo roinnte ina chodanna éagsúla:
Ársaitheoirí, Deireadh na 19^ú hAoise, na 1930í, na 1960í agus Fionnachtana Nua.

Ársaitheoirí

Cad a tharla i 1699?

An 19^ú Aois Dhéanach

Cén bhliain a tháinig Cnóbha, Sí an Bhrú agus Dubhadh faoi chúram an Stáit?

Na 1960í

Ainmnigh dhá rud a tharla ag Sí an Bhrú agus Cnóbhá sna 1960í
Nasc Séadchomhartha agus Ainm

Sí an Bhrú: _____


Cnóbha: _____

Nasc Séadchomhartha agus Ainm

Tarraing líne faoi ainm an tseandálaí nó an ársaitheora go dtí an séadchomhartha a bhfuil siad nasctha leis.

(D'fhéadfadh roinnt a bheith nasctha le níos mó ná ceann amháin!)


Cnóbha



George Eogan

R.A.S Macalister


Sí an Bhrú



Claire O'Kelly

Michael J. O'Kelly

Dubhadh



Edward Lhwyd

An Taispeántas: Áit

Agus tú ag siúl trí eispéireas na foraise, féach ar na comharthaí closamhairc.

Sa *Tírdhreach Searmanais* – Déan cur síos ar chuid de na séadchomharthaí a luaitear anseo.

1. _____

2. _____

3. _____

Cén fáth ar dóigh leat go raibh aibhneacha tábhachtach ag daoine ón Aois Neoiliteach?

1. _____

2. _____

I *An Lúb sa Bhóinne* – Cén saghas séadchomhartha ar a ndéantar mionscrúdú anseo?

1. _____

Déan sceitse de cheann amháin de na séadchomharthaí a luaitear sna closamhairc

An Taispeántas: DAOINE & NA SÉASÚIR

Nasc Séasúir

Rinne daoine Neoiliteacha gníomhaíochtaí difriúla ag amanta difriúla den bhliain.

Meaitseáil an séasúr leis an ngníomhaíocht a bhí ar siúl ansin.

Earrach

Tógadh séadchomharthaí agus rinneadh ceiliúradh ar an lá is faide sa bhliain

Samhradh


Baint an fhómhair

Fómhar

Mhair siad ar bhia a bhí stóráilte agus rinne siad ceiliúradh ar an lá is giorra den bhliain

Geimhreadh

Rugadh ainmhithe a n-óg



Léiríonn an stua mór nuair a bhíonn na laethanta is faide ann.
Cén grianstad é seo?

Léiríonn an stua beag nuair a bhíonn na laethanta is giorra ann.
Cén grianstad é seo?

An Taispeántas: AG TÓGÁIL NA SÉADCHOMHARTHAÍ



Tarraing líne ó gach cineál cloiche go dtí an áit a bhfuarthas í.

Grianchloch

Gréabhaca

Eibhear


Clocha Cairn

Meaitseáil gach Dumha mór lena phlean

Dubhadh?

Cnóbha?

Sí an Bhrú?



Cad a cuireadh taobh istigh de sheomra tuama pasáiste?

1 _____


2 _____

An Taispeántas: AG TÓGÁIL NA SÉADCHOMHARTHAÍ

Nasc Focal

Tarraing líne ón bhfocal go dtí a bhrí

Ortastait	An dumha cloiche a chlúdaíonn tuama pasáiste
Coirbéil	An oscailt os cionn an bhealaigh isteach go dtí Shí an Bhrú a ligeann don ghrian taitneamh trí ghrianstad an gheimhridh
Bosca dín	An gníomh de dhó na marbh
Créamadh	Rudaí le fáil ar láithreán seandálaíochta
Clocha Colbha	Na clocha mhóra a líneann pasáiste agus seomra
Déantáin	Na clocha mhóra atá timpeall ar bhun tuama pasáiste
Carn	Na clocha dín de sheomra



Cén uimhir atá -

An boghta coirbéalta _____

Na clocha cairn _____

Miasliaga _____

Na hortastait _____


An bosca dín _____

An chloch iontrála _____

An Taispeántas: EALAÍN MHEIGILITEACH

Cad is ealaín mheigiliteach ann?

Cén tuama pasáiste as ar tháinig na siombailí seo?



1 _____

2 _____

3 _____

Cad a cheapann tú a bhí i gceist le gach ceann díobh seo do dhaoine Neoiliteacha?

1 _____

2 _____

3 _____

OBAIR SA SEOMRA RANGA

Déan sceitse de Chloch Cholbha 52 Sí an Bhrú

© An Clár Foinnachtana



OBAIR SA SEOMRA RANGA

Déan sceitse de Chloch Cholbha 1 Sí an Bhrú

© An Clár Foinnachtana



OBAIR SA SEOMRA RANGA

Cuardach Focal Brú na Bóinne – suas, síos & trasnánach

B	G	Ú	A	D	D	U	B	H	A	D	H	S	C	Í	E	M
C	O	A	D	É	N	N	I	Ó	A	H	B	G	T	Ó	U	U
G	H	G	R	I	A	N	S	T	A	D	N	N	G	S	C	I
G	C	R	H	G	B	R	Ú	N	A	B	Ó	I	N	N	E	L
E	E	L	A	T	G	D	É	S	H	Í	U	Í	L	D	U	E
I	A	R	O	L	A	P	G	H	G	S	O	N	G	S	P	A
M	N	R	A	C	B	C	B	Ó	H	M	N	S	L	Í	O	T
H	N	C	G	P	H	D	O	M	I	A	S	L	I	A	G	A
R	M	Á	A	Ó	A	A	S	I	M	S	E	S	A	N	Í	O
E	Á	T	O	R	I	É	C	M	R	U	G	O	U	B	É	A
A	I	É	L	S	N	L	A	O	N	B	P	N	M	H	C	D
D	S	D	R	U	N	Ú	D	S	L	H	É	L	L	R	N	G
H	A	I	E	A	L	A	Í	N	Ú	B	S	A	P	Ú	Ó	N
R	R	A	C	H	T	Á	N	C	Á	L	H	L	L	N	B	T
Á	I	B	O	I	T	H	C	L	C	Y	M	A	S	T	H	H
O	N	E	O	I	L	I	T	E	A	C	H	C	S	N	A	M
T	U	A	M	A	P	A	S	Á	I	S	T	E	R	N	B	Í

ABHAINN BÍS BOGHTA COIRBÉALTA BOSCA DÍN BRÚ NA BÓINNE

CARN CEANN MÁIS CLOCHA COLBHA CNÓBHA DUBHADH

EALAÍN GEIMHREADH GRIANSTAD MIASLIAGA MUILEATA

NEOILITEACH RACHTÁN SÍ AN BHRÚ TUAMA PASÁISTE


OBAIR SA SEOMRA RANGA

Tarraing Ceann Máis Chnóbha




OBAIR SA SEOMRA RANGA

Cóipeáil an Ealaín Mheigiliteach



OBAIR SA SEOMRA RANGA

Cóipeáil an Ealaín Mheigiliteach



OBAIR SA SEOMRA RANGA

Ceisteanna Scrúdaithe Ardleibhéil

1. Ainmnigh, déan cur síos agus plé ar dhá chineál séadchomhartha difriúla de chuid na Clochaoise atá ar fáil in Éirinn.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'fhoirm, d'fheidhm agus do theicnící tógála gach ceann de na samplaí atá roghnaithe agat.
Agus
Déan cur síos achomair agus plé ar a bhfuil ar eolas agat faoi na pobail a chruthaigh na séadchomharthaí cloiche seo.
Léirigh do fhreagra.
2. Tá taifead ar a lán tuamaí de chuid na Clochaoise in Éirinn a nochtann mórán eolais faoi shaol na ndaoine a thóg iad.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do dhá thuama cloiche ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do struchtúr, d'fheidhm agus do shuíomh gach ceann de na samplaí atá roghnaithe agat.
Agus
Déan cur síos agus plé achomair ar na móitífeanna agus ar na teicnící sa snoíodóireacht chloiche ar baineadh úsáid astu chun tuamaí de chuid na Clochaoise a mhaisiú.
Léirigh do fhreagra.
3. Féadtar a rá gurb iad na huaigheanna pasáiste na tuamaí ba mhórthaibhsí a tógadh in Éirinn sa luathstair.
Déan an ráiteas seo a phlé agus tú ag tagairt d'uaigh phasáiste ainmnithe amháin agus do dhá chineál tuama ainmnithe eile ón ré Mhéigiliteach nó ón ré Neoiliteach. Déan cur síos agus plé i do fhreagra ar a struchtúr, ar a maisiúchán, agus ar a suíomh.
Agus
Déan plé achomair ar an méid atá ar eolas agat faoi na daoine a thóg na tuamaí seo agus faoin gcreideamh spioradálta a bhí acu.
Léirigh do fhreagra.

Ceisteanna Scrúdaithe Gnáthleibhéil

4. Aimsítear Cloch Cholbha 52 ar cheann de na láithreacha Neoiliteacha is suntasaí in Éirinn.
Freagair (a), (b), agus (c).
(a) Ainmnigh an láthair seo.
(b) Déan cur síos agus plé ar an maisiúchán agus ar na teicnící sníodóireachta a úsáideadh ar Chloch Cholbha 52.
(c) Ainmnigh, déan cur síos agus plé achomair ar shníodóireacht ar chloch amháin eile ón tréimhse seo.
Léirigh do fhreagra.
5. Is eiseamláir é Shí an Bhrú de shéadchomhartha réamh-Chríostaí.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cad í an fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos agus plé ar shuíomh Shí an Bhrú agus tabhair míniú ar cén fáth ar tógadh san áit sin é.
(c) Déan plé achomair ar an maisiúchán atá ar cheann amháin de phríomhghnéithe an tséadchomhartha.
Léirigh do fhreagra.
6. Is as an tréimhse Neoiliteach é Shí an Bhrú.
Freagair (a) agus (b)
(a) Déan cur síos agus plé ar an láthair faoi na fotheidil seo a leanas: suíomh, struchtúr agus feidhm.
(b) Sceitseáil, déan cur síos agus plé ar an maisiúchán atá ar cheann amháin de phríomhghnéithe na láithreach seo.
Léirigh do fhreagra.